Cuid 15:

Pointí pionóis, muirir sheasta agus toirmisc ar thiomáint

D'úsáideoirí an bhóthair, sábháilteacht is ea freagracht phearsanta a thógáil dod' iompar. Tá monatóireacht an iompair tábhachtach agus tá córas na bpointí pionóis glactha ag Éirinn. Is cuid lárnach de pholasaí sábháilteachta na mbóithre sa Tír seo ná an córas, agus tá sé deartha chun saolta a shábháil.

Má bhriseann tú an dlí, tá praghas le h-íoc. Déanfaidh an córas taifeadadh ar do theip agus ar an bpíonós ar do cheadúnas. Do mhion chionta is é an pionós atá i gceist de chuid ná suim airgid, muirear seasta, agus pointí a cheanglaítear le do cheadúnas: pointí pionóis. Do chionta níos dáiríre d'fhéadfaí tú a thabhairt chun na cúirte. Baineann an córas le sealbhóirí ceadúnais iomlána agus sealadacha araon.

Má bhriseann tú an dlí arís agus arís eile, béarfar ort, déanfar fíneáil a ghearradh ort agus tuillfidh tú pointí pionóis.

CUIMHNIGH

Má bhailíonn tú 12 pointí i 36 mí, déanfar toirmisc ar thiomáint a ghearradh ort.

Cuireann an rannóg seo síos ar conas mar a oibríonn pointí pionóis agus muirir seasta agus leagann sé amach na pointí agus muirir a bhaineann le coireanna tráchta ar bhóithre. Chun liosta a fháil de na coireanna reatha pointí pionóis agus táillí socraithe ar fad, féach aguisín 4 nó *www.penaltypoints.ie*.

Pointí pionóis

Clúdaíonn córas na bpointí pionóis coireanna, a bhaineann le sábháileacht ar bhóithre. Is féidir le cionta a bheith braite ag ceachtar:

- ag Gardaí go díreach, nó
- i gcás ró-luathú, ceamaraí luais.

Má stopann Garda tú toisc coir a dhéanamh

- **Ní foláir** duit do cheadúnas tiomána a thaispeáint.
- Aimseoidh tú fógra muirear seasta .
- Tá an rogha agat an muirear seasta a íoc laistigh d'am ceadaithe nó ligint don chás dul chun na cúirte.
- Déanfar pointí pionóis a fheidhmiú leis an taifead ar do cheadúnas sa Chomhad Tiomána Náisiúnta cibé nuair a íocann tú an muirir nó nuair chiontaítear tú as an gcion sa chúirt.

Má tá d'fheithicil taifeadta ag briseadh an luas teorainn

- Más tú úinéir cláraithe na feithicle, aimseoidh tú fógra muirear seasta.
- Mura raibh tú ag tiomáint na feithicle nuair a tharla an chion, **ní foláir** duit ainm agus seoladh tiománaí na feithicle a thabhairt do na Gardaí laistigh de 28 lá. Má dhéanann tú seo aimseoidh an tiománaí ainmnithe fógra muirear seasta. Mura ndéanann tú glacfar leis gur tusa tiománaí na feithicle nuair a tharla an chion.
- Déanfar pointí pionóis a fheidhmiú leis an taifead ar do cheadúnas sa Chomhad Tiomána Náisiúnta cibé nuair a íocann tú an muirear nó nuair chiontaítear tú as an gcion sa chúirt.

CUIMHNIGH

Tarraingíonn an chuid is mó de chionta pointí pionóis muirear seasta, ach bíonn tiománaithe seirbheáilte chun na cúirte de bharr cionta áirithe gan rogha acu muirear seasta a íoc.

Chun breis eolais a fháil ar phointí pionóis, féach ar láithreáin gréasáin na bpointí pionóis *www.penaltypoints.ie*.



GET THE POINT! NOT THE POINTS!

Córas na mhuirir sheasta

Baineann an córas seo le mórán cionta, lena n-áiritear an chuid is mó de chionta pointí pionóis.

Conas mar a oibríonn sé

- Aimsíonn tú fógra muirear seasta ag leagan amach:
  - sonraí an chiona,
  - cén muirear seasta atá le n-íoc agat, agus
  - cén áit a chaithfidh tú an muirear a íoc.
- Tá 28 lá agat chun an muirear seasta a íoc.
- Mura n-íocann tú an muirear laistigh den tréimhse seo, ardaíonn sé de 50%. Tá 28 lá eile agat chun an muirear ardaithe a íoc.
- Mura n-íocann tú an muirear, téann an cás chun na cúirte.

Toirmisc ar thiomáint

- Má thuileann tú 12 nó níos mó pointí pionóis i 36 mí:
  - gheobhaidh tú fógra ag insint duit go bhfuil toirmisc ar thiomáint gearrtha ort ar feadh sé mhí ó dháta áirithe, agus
  - beidh ort do cheadúnas tiomána a thabhairt isteach chun na hoifige mótarchánach áitiúil laistigh de 14 lá ó thús an toirmisc ar thiomáint.
- Déanfar toirmisc ar thiomáint a ghearradh ort sa gnáthchúrsa má chiontaítear tú sa chúirt de chion ar nós tiomáint ar meisce, tiomáint chontúirteach nó láthair na timpiste a fhágáil. Beidh toirmisc ar thiomáint gearrtha ort de bharr an chiontaithe amháin, is cuma cé mhéid pointí pionóis atá ar thaifead an cheadúnais s'agat.
- Is féidir leis na cúirteanna toirmisc ar thiomáint a eisiúint do chionta ar bith ina mbíonn feithiclí bainteach, ní hamháin na cionta ina bhfuil toirmisc ag baint leo sa ghnáthchúrsa. Déanfaidh an chúirt cinneadh faoi thréimhse an thoirmisc i ngach cás.
- Má chiontaítear tú sa chúirt, d'fhéadfaí fíneáil a ghearradh ort agus, i gcásanna áirithe, pianbhreith tréimhse príosúnachta.

CUIMHNIGH

Is cion atá ann gan do cheadúnas a ghéilleadh nó tiomáint nuair atá toirmisc gearrtha ort.